*Aistear* á Nuashonrú

**Ceisteanna Coitianta**

Forbraíodh an chéad tacar seo de DHRÉACHT-cheisteanna agus freagraí mar fhreagra ar cheisteanna ó na páirtithe leasmhara i rith an chomhairliúcháin atá ar bun ar *Aistear* a nuashonrú. Déanfar nuashonrú agus athbhreithniú rialta ar na Ceisteanna Coitianta de réir mar a thiocfaidh tuilleadh ceisteanna isteach ó na páirtithe leasmhara.

**Cén fáth go bhfuil *Aistear* á nuashonrú ag CNCM?**

Tá *Aistear: Creatchuraclam na Luath-Óige* dhá bhliain déag d'aois anois, foilsíodh é siar i mí Dheireadh Fómhair 2009. Tá Éire níos éagsúla anois ná riamh ó thaobh cúrsaí sóisialta, cultúrtha agus teanga. Is mór an t-athrú atá tar éis teacht ar an gcomhthéacs do sholáthar an oideachais luath-óige in Éirinn ó foilsíodh an creat i gcomhthéacs forbairtí náisiúnta, beartais agus straitéisí, forbairtí curaclaim agus measúnaithe agus eispéiris i saol na bpáistí. Tá forbairtí suntasacha tar éis teacht chun cinn trí cheapadh beartais agus tionscnaimh ag an Roinn Leanaí, Comhionannais, Éagsúlachta, Ionchuimsithe agus Óige (RLCÉIÓ) agus an Roinn Oideachais (RO). Chomh maith leis sin tá ár n-eispéiris chomhpháirteacha mar thoradh ar phaindéim Covid-19. Mar sin tuigeann tú an fáth a dteastaíonn nuashonrú ionas go leanfaidh Aistear ar aghaidh ag tacú le heispéiris foghlama agus forbartha ardchaighdeáin do pháistí ón mbreith go dtí sé bliana d'aois in Éirinn.

**Céard iad na hathruithe suntasacha atá tar éis teacht ar an soláthar luath-óige ó fhoilsíodh *Aistear*?**

Áirítear le roinnt athruithe suntasacha tabhairt isteach Chlár Cúraim agus Oideachais na Luath-Óige (CCOLÓ), lucht saothair atá níos cáilithe, tabhairt isteach na gcigireachtaí oideachais

luathbhlianta ag cigirí RO, bunú na Seirbhíse Tús níos Fearr um Fhorbairt Cáilíochta Luathbhlianta agus an fáil ar thacaíocht do linbh óga le riachtanais speisialta oideachais le teacht ar an gclár CCOLÓ tríd an tSamhail Rochtana agus Ionchuimsithe (SRI).

**An mbeidh na heispéiris a bhain le COVID-19 le feiceáil san *Aistear* nuashonraithe?**

Is iomaí iarmhairt shuntasach a bhí ag an ngéarchéim dhomhanda a d'eascair as an bpaindéim ar an earnáil luath-óige, rud a chuaigh i bhfeidhm go mór ar chórais oideachais ag gach leibhéal. Beidh éagsúlacht na n-eispéireas a bhí ag an earnáil in Éirinn agus iad ag glacadh agus ag déileáil le cuir chuige nua agus níos solúbtha i leith na foghlama agus na forbartha sách ábhartha, mar aon le torthaí ó fhianaise taighde náisiúnta agus idirnáisiúnta agus anailís ar thionchar COVID-19 ar leanúnachas páistí maidir le foghlaim, forbairt agus folláine. Cé nach bhfuiltear cinnte faoin tionchar fadtéarmach a bheidh ag COVID-19 ar an oideachas, leanfaidh CNCM ag meas na freagartha a fhéadfaidh an curaclam athfhorbartha a dhéanamh go cúramach chun cur chuige tacúil agus inbhuanaithe a chinntiú i leith na foghlama agus forbartha i gcomhthéacs an tsaoil i ndiaidh COVID.

**Cén uair a bheas na nuashonraithe d'*Aistear* curtha i gcrích?**

Bhuail tionchar suntasach ag COVID-19 ar amlíne na nuashonruithe ar *Aistear*. Mar sin féin, ceaptar go leanfaidh an próiseas a nuashonrú go dtí 2022 agus 2023, agus go gcuirfidh CNCM an obair i gcrích faoi dheireadh 2023.

**An mbeidh tionchar suntasach ag na nuashonraithe ar *Aistear* ar an gcreat reatha ó thaobh struchtúir agus ábhair de?**

Níl aon rún ann athbhreithniú mór a dhéanamh ar *Aistear*, a bhí bunriachtanach maidir le taithí na leanbh, na naíonán agus na bpáistí óga in Éirinn. Mar shampla, tugadh le fios ó athbhreithniú, a rinne CNCM a choimisiúnú le déanaí, ar churaclaim idirnáisiúnta luath-óige agus bunscolaíochta go bhfuil ceithre théama *Aistear*, is iad sin Folláine, Féiniúlacht agus Muintearas, Cumarsáid, agus Iniúchadh agus Smaointeoireacht; fós ábhartha agus oiriúnach i gcomparáid le curaclaim idirnáisiúnta don oideachas luath-óige. Anois agus muid 12 bhliain níos faide ar aghaidh ó fhorbairt *Aistear*, áfach, chomh maith leis an taithí a bhí againn le déanaí de bharr COVID-19, tá sé tábhachtach a chinntiú go leanann an creat ar aghaidh ag tacú le curaclam

ionchuimsitheach, atá ag teacht chun cinn agus atá bunaithe ar fhiosrúchán. Coimisiúnaíodh athbhreithniú ar an litríocht chun an taighde a athnuachan do na ceithre théama a bhaineann le h*Aistear*, ag léiriú na bhforbairtí nua a rinneadh ó bhí 2009 ann. Déanfaidh Institiúid Oideachais, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath é seo thar ceann CNCM.

**Cén próiseas a bhaineann le huasdátú *Aistear*?**

Tá baint ag go leor páirtithe leasmhara le nuashonrú Aistear, chun dearcthaí a bhailiú maidir leis an gCreat. Cuireadh tús leis an bpróiseas ag deireadh mhí na Bealtaine 2021, agus tá sé á dhéanamh thar dhá chéim:

- Thosaigh an chéid chéim i mBealtaine 2021 agus leanfaidh sí ar aghaidh go dtí tús 2022. Díríonn sí ar cheist a chur ar pháirtithe leasmhara, lena n-áirítear páistí, tuismitheoirí agus cleachtóirí, faoin méid a oibríonn go maith in *Aistear*, agus faoi na moltaí a bheadh acu faoin gcaoi a bhfeabhsófaí agus a nuashonrófaí é. Tá ceistneoir ar líne (i mBéarla agus i nGaeilge), ceann do ghairmithe agus ceann do thuismitheoirí/caomhnóirí chomh maith le teimpléad don aighneacht scríofa ar shuíomh gréasáin CNCM, agus reáchtálfar seimineáir chomhairliúcháin ar líne go déanach in 2021/ go luath in 2022.
- Tá Céim 2 sceidealaithe le tosú i lár 2022 nuair a bheidh CNCM ag foilsiú moltaí maidir le *hAistear* a nuashonrú. Beidh comhairliúchán ann ina dhiaidh chun aiseolas ar na moltaí a bhailiú.

**Cén chaoi a mbeidh tuismitheoirí/caomhnóirí rannpháirteach in *Aistear* a nuashonrú?**

Tá ceistneoir ar líne do thuismitheoirí/páirtithe leasmhara ar mian leo a ndearcthaí ar *Aistear* a roinnt, chomh maith le teimpléad aighneachta scríofa le haghaidh aiseolais níos leithne. Tabharfar an deis do thuismitheoirí freastal ar imeacht comhairliúcháin ar líne chomh maith.

**Cén páirt a bheidh ag páistí?**

Tá páistí ón mbreith go dtí sé bliana d'aois ag croí *Aistear* agus tá CNCM ag dúil go mór le cloisteáil uathu maidir lena dtaithí den chreat. Agus *Aistear* á fhorbairt, rinne CNCM staidéar portráidíochta inar éascaíodh do pháistí chun cur leis an bpróiseas. Ón tionscnamh ceannródaíoch sin i leith, cuirtear tuilleadh béime ar ghlór na scoláirí agus na bpáistí maidir le cúrsaí a mbíonn tionchar acu ar a saol in Éirinn, agus beidh sé seo mar ghné de phróiseas

nuashonraithe *Aistear*. Beidh cuibhreannas ó Roinn Froebel in Ollscoil Mhá Nuad, Luath-Óige Éireann agus Coláiste Ollscoile an tSrutháin Mhilis ag déanamh comhairliúcháin le linbh, naíonáin agus páistí óga thar ceann CNCM.

**An mbeidh tionchar ag nuashonrú *Aistear* ar ailíniú *Síolta*?**

Is smaoineamh tábhachtach é an caidreamh idir *Aistear* agus *Síolta*, an dá chreat náisiúnta do sholáthar luath-óige le haghaidh an phróisis nuashonraithe agus beidh fócas ag CNCM ar ailíniú agus sineirge idir an dá chreat.

**Céard é an gaol idir *Aistear* agus Treoir Chleachtais *Aistear Síolta* agus cé na himpleachtaí a bheidh ar *Aistear* nuashonraithe don treoir seo?**

Cuspóir na Treorach Cleachtais ná tacú le cleachtóirí chun *Aistear* agus *Síolta* a úsáid le chéile chun forbairt a dhéanamh ar chaighdeán an churaclaim agus tacú le foghlaim agus forbairt na bpáistí. Áirítear leis an Treoir Chleachtais ar líne raon acmhainní chun cuidiú le cleachtóirí machnamh criticiúil a dhéanamh ar an gcuraclam agus é a fheabhsú. Níl sé i gceist go bhfaighfear réidh le *Aistear* ná *Síolta* agus beidh aon nuashonruithe ar *Aistear* le fáil sa Treoir Chleachtais.

**Céard é an gaol idir *Aistear* a nuashonrú agus an t-athbhreithniú agus athfhorbairt Churaclam na Bunscoile?**

Mar thoradh ar chlár CCOLÓ, le *Aistear* agus *Síolta;* tháinig athrú ar an taithí a fhaigheann na páistí sula dtéann siad chuig an mbunscoil agus ina dhiaidh sin. Socraíonn na hathruithe seo comhthéacs nua do thaithí na bpáistí i seomraí ranga na naíonán. Mar a leagadh amach in 2009, ceapadh gurbh fhéidir *Aistear* a úsáid le naíonáin shóisearacha agus shinsearacha chun tacú le teagasc agus foghlaim trí spraoi, agus cuireadh béim níos mó ar ról *Aistear* chun cur chuige cuí maidir le teagasc agus foghlaim i ranganna na naíonán in Litearthacht agus Uimhearthacht don Fhoghlaim agus don Saol 2011. Chuir na forbairtí seo leis an réasúnaíocht le haghaidh athbhreithniú agus athfhorbairt an churaclaim bunscoile, go háirithe maidir le leanúnachas idir *Aistear* agus Curaclam na Bunscoile. Comhpháirt shuntasach den athbhreithniú seo ná moltaí i *nDréachtchreat Curaclaim na Bunscoile* a leag fís amach don oideachas bunscoile. Beidh na torthaí ón gcomhairliúchán bunscoile agus an *Creatchuraclam na Bunscoile* ábhartha agus

*Aistear* á nuashonrú chun cinntiú go mbeidh leanúnachas i dtaithí agus dul chun cinn páistí san fhoghlaim agus iad ag bogadh ón gclár CCOLÓ chuig an mbunscoil. Bhí *Chreat don tSraith Shóisearach* ann ó 2015 agus díríonn na creataí ón luath-óige, tríd an mbunscoil go dtí an iarbhunscoil, agus cabhróidh sé le cinntiú go bhfuil leanúnachas agus dul chun cinn i bhfoghlaim agus forbairt páistí.

**An mbeidh *Aistear* fós ag feidhmiú mar chreatcuraclam seachas curaclam?**

Beidh *Aistear* fós ag feidhmiú mar chreatcuraclam seachas curaclam. Leagtar amach fís shoiléir agus na prionsabail don teagasc agus don fhoghlaim i gcreat curaclaim. Tarraingítear aird ann ar a bhfuil tábhachtach agus déantar cur síos ann ar na rudaí ar cheart tús áite a thabhairt dóibh. Is creata den chineál céanna iad *Dhréachtchreat Curaclaim na Bunscoile* (2020) agus an *Creat don tSraith Shóisearach* (2015) a thacaíonn le foghlaim an pháiste sula dtosaíonn sé ar an mbunscoil agus nuair a bhogann sé chuig an iar-bhunscoil.

**Cén chaoi a gcuirfear na torthaí taighde in iúl dom?**

Foilseofar an taighde agus cuirfear ar fáil é sa chuid luath-óige den suíomh gréasáin: www.ncca.ie/early-childhood .

**Cé na tacaíochtaí a chuirfear ar fáil do ghairmithe chun tacú leo oibriú leis an *Aistear* nuashonraithe?**

Tabharfaidh raon acmhainní lena n-áirítear samplaí d'ábhair foghlama agus tacaíochta, agus acmhainní tacaíochta agus treoir do ghairmithe de réir mar a oibríonn siad leis an *Aistear* nuashonraithe. Is deis é an comhairliúchán atá ar bun faoi láthair chun na cineálacha tacaíochtaí a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil uait chun cuidiú leat oibriú leis an gcreat nuashonraithe a shainaithint.

**Cén áit inar féidir liom tuilleadh eolais a fháil?**

Chun eolas a fháil ar imeachtaí agus ar dhul chun cinn maidir le *Aistear* a nuashonrú lean sinn ar Twitter, Instagram agus Facebook. Cláraigh linn chun an nuacht is déanaí a fháil ó CNCM.